# Fógra Príobháideachais
# **Seirbhísí Corparáideacha**

Ag Seirbhísí Corparáideacha Chomhairle Chontae an Longfoirt tuigimid go bhfuil príobháideacht agus slándáil do chuid faisnéise pearsanta (sonraí) tábhachtach agat. Tugann an fógra príobháideachais seo breac-chuntas ar an gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta de réir na ndlíthe um chosaint sonraí.

Léigh an fógra seo mar aon le príomh **Bheartas Príobháideachais** Chomhairle Chontae an Longfoirt.

Scan le hamharc air
**Príomhbheartas Príobháideachais**

**Cabhair ag Teastáil Uait?** Conas cód QR a scanadh

1. **Oscail d'aip cheamara**
2. **Frámáil an cód QR**
3. **Cliceáil ar an mír aníos**

# Fógra Príobháideachais
# **Seirbhísí Corparáideacha**

## Cad a dhéanann Seirbhísí Corparáideacha?

**Tugann Seirbhísí Corparáideacha aire do na réimsí seo a leanas:**

- Príomhoifig feidhmiúcháin
- Cumarsáid
- Pleanáil chorparáideach
- Seirbhísí do chustaiméirí
- Cosaint sonraí
- Clárú toghthóirí
- Toghcháin
- Eitic
- Saoráil faisnéise
- Sláinte & sábháilteacht
- Riarachán cruinnithe
- Teangacha oifigiúla

## Cén fáth a n-úsáideann Seirbhísí Corparáideacha do shonraí pearsanta?

**Bainimid úsáid as do shonraí pearsanta (faisnéis) chun cabhrú linn:**

- an tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar, agus
- ár n-eagraíocht a reáchtáil go héifeachtúil agus i gcomhréir leis an reachtaíocht.



## Cad iad na sonraí pearsanta a úsáideann Seirbhísí Corparáideacha?

### Seo liosta de shonraí pearsanta a úsáidimid:

- Ainm
- Seoladh agus Éirchód
- Dáta breithe
- Uimhir chláraithe cánach
- Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP)
- Uimhir theileafóin
- Seoladh ríomhphoist
- Náisiúntacht
- Sonraí airgeadais
- Sonraí an cheadúnais tiomána
- Aitheantas grianghrafadóireachta
- Clárú feithicle
- Stair fostaíochta
- Gairm nó slí bheatha
- Taifid oiliúna foirne
- Sonraí sláinte
- Tuairimí polaitiúla
- Is féidir gur íomhánna ó CCTV slándála i bhfoirgnimh na Comhairle atá i gceist sna sonraí
- Úinéireacht réadmhaoine
- Úinéireacht socmhainní

## Cad a deir an dlí faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

### Seo iad an ceithre chás ina ndeir an dlí gur féidir linn do shonraí pearsanta a úsáid:

| Staid | Sampla |
|---|---|
| Tugann tú do thoiliú dúinn d'fhaisnéis a úsáid | Nuair is mian leat a bheith mar chuid de liosta ríomhphoist |
| Tá dualgas dlíthiúil orainn do shonraí pearsanta a phróiseáil | Faoin reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta |
| Chun ligeann dúinn tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus nó ar ár ndualgas oifigiúil mar údarás áitiúil mar a cheadaítear faoin reachtaíocht Rialtais Áitiúil | Nuair atá uasdátú á dhéanamh againn ar chlár na dtoghthóirí |
| Conradh a chur i gcrích | Agus sinn ag íoc as soláthairtí agus seirbhísí |

## Cé leis a roinneann Seirbhísí Corparáideacha do shonraí pearsanta?

### D'fhéadfaimis do chuid sonraí pearsanta a roinnt leis na grúpaí seo a leanas, ach ní fhéadfaimis iad a roinnt ach amháin nuair is gá:

- An Garda Síochána
- Iniúchóirí
- Conraitheoirí ag déanamh oibre ar ár son
- Coistí na comhairle
- Comhaltaí na comhairle
- An Coimisiún um Chosaint Sonraí
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- Ionadaithe tofa
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- An Foras Riaracháin
- Ionadaithe árachais
- Ionadaithe dlíthiúla
- An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
- Iniúchóir rialtais áitiúil
- Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteachta na hÉireann
- Sainchomhairleoirí sláinte ceirde
- Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil
- Oifig an Choimisinéara Faisnéise
- Oifig an Ombudsman.
- Comhlachtaí rialtais agus poiblí eile
- Ardáin meán sóisialta, mar shampla, nuair a thug tú toiliú go roinnfí do ghrianghraf ar ardáin den sórt sin
- Éascaitheoirí oiliúna

checktheregister.ie

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

LGMA
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
Local Government Management Agency

Nuair is gá, d'fhéadfaimis do chuid faisnéise a roinnt freisin le tríú páirtithe cosúil le soláthraithe seirbhíse TF agus dearthóirí grafacha.

### Má theastaíonn tuilleadh sonraí uait maidir leis an gcaoi a n-úsáideann Seirbhísí Corparáideacha do shonraí pearsanta, déan na nithe seo a leanas le do thoil:

| Roghanna teagmhála | Sonraí Teagmhála |
|---|---|
| **Guthán** | 043 334 4207 |
| **Ríomhphost** | dpo@longfordcoco.ie |

**D'úsáideamar treoirlínte teanga simplí chun an polasaí seo a chruthú**